Agóid sa Daingean

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhaltaí scoile nach ndeachaigh isteach i ranganna inniu de bharr pholasaí Gaeilge na scoile. Sula bhféachann tú ar an tuairisc féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo – an dtuigeann sibh iad?

dhiúltaigh		i bhfeidhm
	conspóid	deighilte
in ainneoin		den scoth
	móramh	

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cad á a rinne roinnt daltaí scoile de chuid Phobalscoil Chorca Dhuibhne, sa Daingean, Co. Chiarraí inniu? Cén fáth?

2. Cén fáth a bhfuil deighilt ann idir na tuismitheoirí?

3. Cad é a chuireann díomá ar an phríomhoide, Pádraig Feirtéar?

4. Cad é, dar leis na daltaí, a dhéanfaidh siad amárach?

Ceist 3 Féach ar an abairt thíos:

‘Dúirt príomhoide na scoile áfach, nach raibh ach roinnt bheag daltaí scoile a ndeacrachtaí leis an nGaeilge *a ardú* roimh agóid an lae innu’

An féidir leat na habairtí thíos a chríochnú? Beidh ort na focail idir luibíní a athrú!

1. D’éirigh liom an leanbh _____ a luí sular tháinig na tuismitheoirí. (cuir)

2. Caithfidh Seán an obair sin _____ go fóill. (déan)

3. An féidir leatsa an deoch sin _____? Sílim féin go bhfuil sé uafásach. (ól)

4. Ní féidir le Siobhán sála arda _____ níos mó ó bhris sí a cos. (caith)

5. Ar mhiste leat _____ leis go mbeidh mé mall. Tá mé gafa i dtrácht. (inis)

6. D’iarr mé ar Sheán an doras cúil a _____, ach níor chuala sé mé. (oscail)

7. Ba mhaith liom bronntanas _____ do mo mháthair ach níl airgead ar bith liom. (ceannaigh)

Ceist 4 **'**Tá *móramh* na ndaltaí ag fanacht sna ranganna '
'. . .*mionlach* an-bheag de na daltaí tar éis a rá linn go bhfuil fadhbanna acu.'

An féidir leat na bearnaí thíos a líonadh? Tá dhá cheann déanta duit.

1	móramh	a	mionlach
2	Roinnt	b	a lán
3	tar éis	c	
4	tuiscint	d	
5	nua	e	
6	maith	f	
7	inniu	g	
8	in aghaidh	h	
9	míshásta	i	
10	isteach	j	

Ceist 5 'De bharr iad a bheith faoi aois, nílimid a n-aithint, ach thug tuismitheoirí cead do *bheirt* acu labhairt linn'

Scríobh amach na huimhreacha pearsanta thíos agus cuir an t-ainmfhocal 'dalta' le gach uimhir phearsanta:

dalta amháin _____

_____ _____

_____ _____

_____ _____

_____ _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Ar cheart don Ghaeilge a bheith mar phríomhtheanga scoile má tá an scoil sa Ghaeltacht?
An síleann tú go bhfuil an ceart ag na daltaí scoile seo agóid mar seo a thógáil?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

dhiúltaigh - refused
i bhfeidhm - in effect
conspóid – controversy
deighilte - seperated
in ainneoin - despite
den scoth – the best
móramh - majority

Ceist 2

1. Dhiúltaigh roinnt daltaí scoile de chuid Phobalscoil nua Chorca Dhuibhne, sa Daingean, Co Chiarraí a dhul isteach ar scoil inniu mar agóid in aghaidh pholasaí Gaeilge na scoile.
2. Tá deighilt ann idir na tuismitheoirí faoin pholasaí Gaeilge sa scoil.
3. Cuireann sé díomá air nach bhfuil ach mionlach an-bheag de na daltaí seo tar éis a rá leis go bhfuil fadhbanna acu.
4. Léanfaidh siad leis an agóid amárach.

Ceist 3

1. D'éirigh liom an leanbh a chur a luí sular tháinig na tuismitheoirí. (cuir)

2. Caithfidh Seán an obair sin a dhéanamh go fóill. (déan)

3. An féidir leatsa an deoch sin a ól? Sílim féin go bhfuil sé uafásach. (ól)

4. Ní féidir le Siobhán sála arda a chaitheamh níos mó ó bhris sí a cos. (caith)

5. Ar mhiste leat a rá leis go mbeidh mé mall. Tá mé gafa i dtrácht. (inis)

6. D'iarr mé ar Sheán an doras cúil a oscailt, ach níor chuala sé mé. (oscail)

7. Ba mhaith liom bronntanas a cheannaigh do mo mháthair ach níl airgead ar bith liom. (ceannaigh)

Ceist 4

1	móramh	a	mionlach
2	Roinnt	b	a lán
3	tar éis	c	roimh
4	tuiscint	d	míthuiscint
5	nua	e	sean
6	maith	f	olc
7	inniu	g	amárach/inné
8	In aghaidh	h	ar son
9	míshásta	i	sásta
10	isteach	j	amach

Ceist 5

dalta amháin	seisear daltaí
beirt dhaltaí	seactar daltaí
triúr daltaí	ochtar daltaí
ceathrar daltaí	naonúr daltaí
cúigear daltaí	deichniúr daltaí

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Éimear Ní Chonaola

Dhiúltaigh roinnt daltaí scoile de chuid Phobalscoil nua Chorca Dhuibhne, sa Daingean, i gCo Chiarraí a dhul isteach ar scoil inniu mar agóid in aghaidh pholasaí Gaeilge na scoile. Dúirt na daltaí go bhfuil an t-oideachas as Gaeilge ag cur as dá gcuid oideachais. Dúirt príomhoide na scoile áfach nach raibh ach roinnt bheag daltaí tar éis a ndeacrachtaí leis an nGaeilge a ardú roimh agóid an lae inniu. Tá an scéal ar fad ag Tomás Ó Mainnín.

Tomás Ó Mainnín
Le linn an lae inniu dhiúltaigh os cionn céad dalta dul isteach i ranganna i bpobalscoil nua Chorca Dhuibhne. Tá polasaí Gaeilge i bhfeidhm sa scoil rud a dúirt cuid de na daltaí seo nach n-aontaíonn siad leis. De bharr iad a bheith faoi aois nílimid a n-aithint, ach thug tuismitheoirí cead do bheirt acu labhairt linn. Duine acu sin atá tagtha ón Ghearmáin.

Sam Spinn
Tá píosa beag gaolainne agam ach níl na focail agam ná an tuiscint agam chun foghlaim gach rud a fhoghlaim* trí Ghaeilge.

Dubhaltach Ó Treasaigh
Tá a lán daltaí míshásta leis agus tá agus is féidir leat é sin a fheiceáil anseo. Tá céad is fiche dalta amuigh** anseo agus (you know) tá a lán daltaí istigh sa scoil freisin atá míshásta.

Tomás Ó Mainnin
Tá conspóid tarraingte ag polasaí na scoile le déanaí le cruinnithe poiblí a chíoradh agus tuismitheoirí deighilte ar an ábhar. In ainneoin na hagóide*** inniu tá móramh na ndaltaí ag fanacht sna ranganna.

Pádraig Feirtéar
Is mór an trua go deo go bhfuil leanaí a tharraingt isteach sa scéal seo. Tá muidinne, múinteoirí na scoile seo agus foireann na scoile seo ag déanamh gach aon ní chun oideachas den scoth agus oideachas ar fheabhas a chur ar na scoláirí. Cuireann sé díomá leis orainn, abair, nach bhfuil ach mionlach an-bheag de na daltaí seo tar éis a rá linne go bhfuil fadhbanna acu. Agus go bhfuil go leor, go bhfuil roinnt daltaí de bhunadh na Gaeltachta féin ina measc inniu agus nuair a chuirim ceist orthu cad ina thaobh a bhfuil siad ann, níl aon fhadhb acu féin.
Deir na daltaí go leanfaidh siad lena n-agóid amárach.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4, sa Daingean.

**lán a fhoghlaim trí Ghaeilge* a deirtear
***amach* a deirtear
****in ainneoin an agóid* a deirtear